# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Ardleibhéal – 300 marc)

---

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH** **MAIDIN, 9:30 – 12:30**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**TREORACHA**

1. Freagair **SÉ cheist ar bith.**

2. Ní mór na freagraí uile a scríobh i ndúch ar an bhfreagarleabhar a chuirtear ar fáil.

3. Ba chóir na léaráidí a tharraingt le peann luaidhe.

4. Cuirtear grafpháipéar ar fáil le haghaidh graf, de réir mar is gá.

5. Cuir lipéad agus uimhir go cúramach ar gach ceist a dtéitear ina bun, le do thoil.

**Ceist 1.** **(50 marc)**


Freagair **deich gcinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair:**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le spéaclaí ‘cliste’.



**(b)** Déan cur síos achomair ar phrionsabal oibriúcháin coigeartóra droichid i gciorcaid don stuathháthú leictreach.

**(c)** San innealtóireacht, mínigh an tábhacht a bhaineann le *teorainneacha* a chur le líníochtaí comhbhall sula ndéantar iad a mhonarú.



*rollóir cúir*

**(d)** Luaigh **dhá** airí atá ag polapróipiléin leata (EPP) a dhéanann oiriúnach í lena húsáid i rollóirí aclaíochta cúir, mar a thaispeántar thall.

**(e)** Déan cur síos ar conas a éascaíonn struchtúr an naisc mhiotail le seoltacht leictreach i miotail.

**(f)** Pléigh an méid a chuir duine **amháin ar bith** acu seo a leanas leis an teicneolaíocht:
**(i)** Ivan Sutherland **(ii)** Eileen Gray **(iii)** Dugald Clerk.

**(g)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste don tsláinte a bhaineann le híontóirí ardéifeachtúla cáithníní aeir (HEPA) a úsáid in oifigí nua-aimseartha amhail íontóir aeir Dyson a thaispeántar.



**(h)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cumhacht neomatach a úsáid thar chumhacht leictreach i monarú innealtóireachta.

**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le halúmanam anóidithe a úsáid i dtionscadail innealtóireachta.

**(j)** Déan cur síos ar **dhá** ghné sábháilteachta a chuimsítear i ndeil CNC.




**(k)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an stáisiún luchtaithe gan sreang a thaispeántar thall a úsáid.

**(l)** Mínigh an téarma *snámhaíocht ábhair* maidir le comhbhaill scairdinnill.

**(m)** Gabhann teicneolaíocht fhuinneamh na dtonnta fuinneamh na dtonnta uisce chun obair úsáideach a dhéanamh amhail leictreachas a ghiniúint. Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil le teicneolaíocht fhuinneamh na dtonnta mar fhoinse fuinnimh.



**Ceist 2.** **(50 marc)**

Freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Thug teacht na haoise digití Réaltacht Bhreisithe (Extended Reality) (XR) isteach inár saol laethúil, rud a d'athraigh ár réaltacht ó bhonn le húsáid na teicneolaíochta chun timpeallachtaí, eispéiris agus idirghníomhaíochtaí tumthacha a chruthú.



**(i)** Déan cur síos ar an téarma *Réaltacht Bhreisithe (XR)*.

**(ii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Réaltachta Bhreisithe (XR).

**(b)** Cuimsíonn Réaltacht Bhreisithe (XR) raon teicneolaíochtaí digiteacha eile. Mínigh **gach ceann** de na cineálacha Réaltachta Breisithe (XR) seo:

**(i)** Réaltacht Fhíorúil (VR).

**(ii)** Réaltacht Mhéadaithe (AR).

**(iii)** Réaltacht Mheasctha (MR).



**(c)** Pléigh conas mar a d'fhéadfadh teicneolaíocht thumthach na Réaltachta Breisithe (XR) timpeallacht oideachasúil níos spéisiúla a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí sa todhchaí.

**(d)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na feidhmeanna réalacha seo thíos maidir le Réaltacht Bhreisithe (XR):

**(i)** Cluichíocht agus siamsaíocht.

**(ii)** Dearadh agus forbairt feithiclí.

**(iii)** Feidhmeanna máinlíochta agus fisiteiripe.

**(iv)** Breathnú ar réadmhaoin (eastát réadach).



**(e)** Cé go dtugann XR an-chuid deiseanna cruthaitheacha dúinn, gabhann roinnt míbhuntáistí léi. Pléigh **dhá cheann ar bith** de na míbhuntáistí seo a luaitear le Réaltacht Bhreisithe (XR):

**(i)** Príobháideachas.

**(ii)** Rannpháirtíocht shóisialta.

**(iii)** Costais chur i bhfeidhm.



**Ceist 3.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear cruach dhosmálta go traidisiúnta i suíomhanna lónadóireachta óstáin, i mbialanna agus i suíomhanna eile sa tionsclaíocht. Tá méadú ag teacht i rith an ama ar an tóir atá uirthi i lena húsáid i gcistineacha tí.



*cruach dhosmálta i gcistin*

**(i)** Sainmhínigh an téarma *cruas ábhair*.

**(ii)** Úsáid léaráid(í) mar áis agus déan cur síos ar thástáil Cruais Vickers, agus tagairt agat dóibh seo:

- cruth an eangaitheora
- gnáthamh na tástála
- ríomh an chruais.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le cruach dhosmálta a úsáid le haghaidh barrchuntar i suíomhanna cónaithe.

**(b)** Aimsíodh na torthaí a thaispeántar thíos ó thástáil teanntachta a rinneadh ar shampla tástála a raibh trastomhas 16 mm aige agus fad tomhaiste 80 mm.

| **Ualach (kN)** | 22 | 44 | 66 | 80 | 89 | 100 | 110 | 123 | 135 | 132 | 118 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Síneadh (mm)** | 0.1 | 0.2 | 0.3 | 0.4 | 0.5 | 0.8 | 1.0 | 1.5 | 2.5 | 4.0 | 4.3 |

**(i)** Úsáid an grafpháipéar a cuireadh ar fáil agus breac léaráid an ualaigh agus an tsínidh.

**(ii)** Aimsigh neart teanntachta deiridh (UTS) an tsampla.

**(iii)** Ríomh an promhstrus 0.1%.

**(c)** Úsáidtear teicneolaíocht na bhfuaimthonnta ultrasonacha i dtástáil neamhscriosach comhbhall críochnaithe san innealtóireacht.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráidí oiriúnacha mar chúnamh agat, ar thástáil neamhscriosach ultrasonach.

**(ii)** Idirdhealaigh idir modhanna tástála neamhscriosacha micreascópacha agus modhanna tástála neamhscriosacha macrascópacha, agus tabhair samplaí.

**Ceist 4.** **(50 marc)**

**(a)** Déantar crann an chrágáin fhéinteanntaithe gan eochair thall as cruach screamhchruaite.


**(i)** Déan cur síos, le cúnamh léaráide, ar próiseas screamhchruachana.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le crann an chrágáin gan eochair a screamhchruachan.

**(iii)** Mínigh buntáiste **amháin** a bhaineann le screamhchruachan thar lánchruachan.




**(b)** Taispeántar cuid shimplithe de léaráid chothromaíochta an iarainn agus an charbóin.




**(i)** Ainmnigh na línte teorann claochlaithe **A**, **B** agus **C** a thaispeántar.

**(ii)** Mínigh tábhacht phointe **D** agus phointe **E**.

**(iii)** Cuir *ástainít* agus *péirlít* i gcomparáid le chéile agus tagairt agat don chion carbóin, don teocht agus don struchtúr.

**(c)** Freagair **dhá cheann ar bith** as **(i)**, **(ii)** agus **(iii)** thíos:

**(i)** Mínigh na difríochtaí idir ainéaladh agus normalú.

**(ii)** Cuir cruachan ionduchtaithe agus lasairchruachan i gcomparáid le chéile.

**(iii)** Déan cur síos chomhdhéanamh ábhair chruach dhosmálta 18/10.


**Ceist 5.** **(50 marc)**

**(a)** Féadann lochtanna criostail tarlú go héasca le linn soladú miotail.
Taispeántar thall dhá léaraide de locht pointe sa chriostal.


**(i)** Ainmnigh locht criostail **A** agus locht criostail **B** a thaispeántar agus déan cur síos orthu.

**(ii)** Déan cur síos ar airí ábhair **amháin** a bhféadfadh locht **B** dul i bhfeidhm air.

**(iii)** Ainmnigh locht pointe **amháin** eile a d'fhéadfadh a bheith sa chriostal.



locht **A**



locht **B**

**(b)** Taispeántar sa tábla teochtaí soladaithe cóimhiotal éagsúil de mhiotal **A** agus de mhiotal **B**.

| **% de mhiotal B sa chóimiotal** | **0** | **10** | **20** | **30** | **40** | **50** | **60** | **70** | **80** | **90** | **100** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tús an tsoladaithe (°C)** | 350 | 345 | 335 | 317 | 293 | 260 | 220 | 175 | 250 | 282 | 300 |
| **Deireadh an tsoladaithe (°C)** | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 | 175 |

Úsáid an grafpháipéar a cuireadh ar fáil agus:

**(i)** Tarraing léaráid na cothromaíochta de réir na sonraí a thugtar, agus lipéadaigh na línte leachtais agus soladais agus an pointe eoitéicteach.

**(ii)** Le haghaidh an chóimhiotail ina bhfuil **30%** de mhiotal **B**, aimsigh ón léaráid cóimheas na bpasanna ag **200 °C**.

**(iii)** Le haghaidh an chóimhiotail ina bhfuil **70%** de mhiotal **B**, déan cur síos ar an gclaochlú a tharlaíonn ón bpas leachtach.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** as **(i)**, **(ii)** agus **(iii)** thíos agus mínigh an difríocht idir na téarmaí i n**gach ceann** acu:

**(i)** Struchtúr Chiúbacha Chorpláraithe (BCC) agus struchtúir Chiúbacha Éadanláraithe (FCC).

**(ii)** Cuar fuaraithe le haghaidh miotail íon agus cuar fuaraithe le haghaidh cóimhiotail.

**(iii)** Cóimhiotail tuaslagán soladach agus cóimhiotail pháirt-intuaslagtha.

**Ceist 6.** **(50 marc)**

**(a)** I bpróiseas athchóirithe carranna clasaiceacha tharlódh go mbeadh painéil chruach chreimthe le baint agus cruach leatháin úr le cur ina n-ionad le Táthú Miotail Támhgháis (MIG).



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar na prionsabail a bhaineann le táthú MIG.

**(ii)** Mínigh **dhá** chúis a n-úsáidtear táthú MIG in athchóiriú carranna clasaiceacha.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an lasair neodrach i dtáthú ocsaicéitiléine.

**(ii)** Ainmnigh **trí** chineál táthaithe atá oiriúnach don rialú uathoibrithe.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste sábháilteachta **amháin** a bhaineann le flosc gránaithe a úsáid i stuatháthú tumtha.

**(iv)** Déan cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh *táthú ilrití* a imirt ar cháilíocht táthaithe.

**(v)** Mínigh an fheidhm atá ag rialtán brú nuair a bhíonn táthú ocsaicéitiléine á dhéanamh.

**(c)** Is féidir umair breosla gluaisrothair a mhonarú as dhá phíosa de chruach leatháin chomhdhlúite a tháthaítear le chéile le táthú séama.

**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an bpróiseas a bhaineann le táthú friotaíochta séama.

**(ii)** Mol **dhá** bhuntáiste a bhaineann le táthú séama a úsáid chun páirteanna d'umar breosla a nascadh le chéile.



*umar breosla gluaisrothair*

**NÓ**

**(c)** Is róbat seachadta é an RobotLAB BellaBot a úsáidtear i roinnt bialann. Úsáidtear teicneolaíocht SLAM (logánú agus mapáil chomhuaineach) ann chun bia agus deochanna a iompar go dtí na custaiméirí.

**(i)** Mínigh an bhundifríocht idir SLAM Amhairc agus SLAM Léasair le haghaidh loingseoireacht róbait.

**(ii)** Luaigh **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag baint le róbait seachadta a úsáid i mbialann.



*róbat cliste seachadta BellaBot*

**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear leaistiméirí, amhail polúireatán, i mboinn na mbróg reatha a thaispeántar thíos.

**(i)** Sainmhínigh an téarma *leaistiméir* agus déan cur síos, le léaráid mar chúnamh agat, ar struchtúr inmheánach leaistiméirí.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** airí bhunriachtanacha de leaistiméir pholúireatáin a fhágann oiriúnach í lena húsáid i monarú bhoinn na mbróg reatha.

**(iii)** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag leaistiméirí i dtionscal na gcarranna.



*bonn polúireatáin*

**(b)** Is féidir an chabhail d'fheithicil scairdsciála a dhéanamh as raon d'ábhair phlaisteacha ar a n-áirítear plaistigh snáithíntreisithe agus comhpholaiméirí.

**(i)** Déan cur síos ar an téarma *comhpholaiméir* maidir le teirmeaplaistigh.

**(ii)** Sainaithin próiseas monaraithe polaiméire a bheadh in ann an chabhail buí den fheithicil scairdsciála a thaispeántar a olltáirgeadh, agus déan cur síos ar an bpróiseas, le léaráid mar chúnamh agat.

**(ii)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le líocha agus plaisteacháin a úsáid i monarú feithicil scairdsciála.



*cabhail feithicle scairdsciála buí*


**(c)** In 2020, d'fhógair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) go raibh ráta athchúrsála 84% ag Éirinn i gcás gloine, 71% i gcás miotail agus 29% i gcás ábhar plaisteach.

Freagair **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Idirdhealaigh idir in-athchúrsáilteacht teirmeaplaisteach agus in-athchúrsáilteacht plaisteach teirmithéachtach.

**(ii)** Déan cur síos ar **gach** céim i bpróiseas athchúrsála na polaiméire a thaispeántar.


**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid a bhaintear as plaisteach athchúrsáilte i dtionscal na tógála.




*Próiseas athchúrsála polaiméire*

**Ceist 8.** **(50 marc)**

**(a)** Is é atá i gceist i ngearradh miotail ná ábhar nach bhfuil ag teastáil a bhaint de bhloc miotail ina shliseanna le huirlisí gearrtha. Corr chomhthógtha a thugtar ar shlis amháin dá leithéid.



**(i)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar an téarma *corr chomhthógtha* agus mínigh conas a tharlaíonn sí.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh chun corr chomhthógtha a chosc nuair a bhíonn meaisíniú ar siúl.

**(iii)** Ainmnigh **dhá** chineál slise meaisínithe eile a d'fhéadfadh tarlú nuair a bhíonn miotal á ghearradh.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



**(i)** Mínigh próiseas tapála an phoill chaoch ar an gcomhpháirt a thaispeántar.


**(ii)** Ainmnigh **trí** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn meaisín muilleála á úsáid.

**(iii)** Déan cur síos ar an bpríomhdhifríocht idir meaisín muilleála agus meaisín druileála.

**(iv)** Déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le déantúsaíocht bhreisiúcháin thar dhéantúsaíocht laghdúcháin.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-úsáidtear bioranna gearrtha de chairbíd tungstain nuair a bhíonn miotal á ghearradh.

**(c)** Is próiseas bailchríochnaithe í an bheachtmheilt shorcóireach a úsáidtear chun loiní reithe hiodrálacha a mhonarú sula ndéantar iad a chóimeáil.



*loine reithe hiodrálach*

**(i)** Mínigh, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, próiseas na beachtmheilte sorcóirí.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le próiseas beachtmheilte ar bith.

**NÓ**

**(c)** Úsáidtear léas léasair ardchumhachta fócasaithe i meaisíní gearrtha léasair CNC chun ábhar a mharcáil, a ghearradh nó a ghreanadh le cruthanna saincheaptha a fhoirmiú.



**(i)** Mínigh an difríocht idir CAD agus CAM i ngearradh léasair CNC.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** ghné shábháilteachta atá ina ndlúthchuid de mheaisíní gearrtha léasair CNC.

**Ceist 9.** **(50 marc)**

**(a)** Úsáidtear an t-ardán ardaithe a thaispeántar le haghaidh deisiú gluaisrothar.




**(i)** Déan cur síos, agus léaráid(í) mar chúnamh agat, ar conas a ardaítear agus a íslítear an t-ardán de réir mar a chastar an hanla.

**(ii)** Mínigh modh **amháin** eile chun ardáin ardaithe a ardú agus a ísliú.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



**(i)** Mínigh, agus léaráid mar chúnamh agat, an difríocht idir gluaisne fhrithingeach agus gluaisne ascalach.

**(ii)** Ainmnigh fórsa **amháin** atá ag gníomhú ar an marcaíocht siamsaíochta a thaispeántar.

**(iii)** Déan cur síos, le cúnamh léaráide, ar oibriú tiomáint chónulóige céimnithe.

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le crios comhuainiúcháin a úsáid thar shlabhra comhuainiúcháin in innill nua-aimseartha carranna.

**(v)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le giarshraith iolrach thar ghiarshraith shimplí

**(c)** Déanann an chuideachta 'Gluaiseacht Uirbeach' atá bunaithe i mBaile Átha Cliath scútar leictreach infhillte.




**(i)** Déan cur síos, le cúnamh léaráid(í), ar mheicníocht oiriúnach chun hanla an scútair a fhilleadh.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hanla infhillte a bheith ar scútar leictreach.

**NÓ**

**(c)** Is próiseas costasach fadálach é an t-athrú ó shoilsiú sráide fluaraiseach agus halaigine go dtí na soilse sráide grianchumhachtaithe a thaispeántar.



**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le soilse LED grianchumhachtaithe a úsáid i suíomh uirbeach.

**(ii)** Déan cur síos ar conas a úsáidtear grianfhuinneamh chun soilse sráide a chumhachtú san oíche.

An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# Innealtóireacht – *Teicneolaíocht agus Ábhair*

Déardaoin 8 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30

**Day 1, 2 and 3**

2023. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2023

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2023. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2023. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 4, 5 and 7 have been made prior to examination day.
Using the threaded bar, screws and nuts supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2023. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 2, 4, 5 agus 7 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide as an barra snáithe, na scriúnna agus na cnónna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 1
Day 1


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A(L1)


(1)





(2)





(3) 2 OFF / DE DHÍTH




(4)







Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:


(5)





(6)





(7)





(8)





(9) 2 OFF / DE DHÍTH




(10)







THALL
OVER →


Lá 1
Day 1


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A($L_2$)




SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER →

**Day 1, 2 and 3**

2023. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2023

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2023. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2023. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 4, 5 and 7 have been made prior to examination day.
Using the threaded bar, screws and nuts supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

**2023. M74AT**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

## Innealtóireacht - Praiticiúil

(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 2, 4, 5 agus 7 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide as an barra snáithe, na scriúnna agus na cnónna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 2
Day 2


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A(L1)


(1)





(2)





(3) 2 OFF DE DHÍTH




(4)







Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:


(5)





(6)





(7)





(8)





(9) 2 OFF DE DHÍTH




(10)





THALL
OVER


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL






SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER →

**Day 1, 2 and 3**



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

# Leaving Certificate Examination, 2023

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2023. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2023. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 4, 5 and 7 have been made prior to examination day.
Using the threaded bar, screws and nuts supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2023. M74AT

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

## Innealtóireacht - Praiticiúil

(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 2, 4, 5 agus 7 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide as an barra snáithe, na scriúnna agus na cnónna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii)** **Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 3
Day 3


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A(L1)


1





2




3 2 OFF DE DHÍTH




4





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:


5





6





7





8




9 2 OFF DE DHÍTH





10





THALL
OVER


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A(L2)




SECTION A-A



SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER →